



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2024
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0143(NLE)

11119/24
ADD 2

ASILE 84
JAI 1031
MIGR 279
FRONT 197
COEST 370
SOC 473

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	10709/24 + COR 1
Ábhar:	Togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 - Ráiteas ón bPolainn

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráiteas ón bPolainn le haghaidh mhiontuairiscí Coreper agus na Comhairle.

Ráiteas ó thoscaireacht na Polainne

Seasann an Pholainn go daingean leis an Úcráin agus lena muintir ina streachailt ar son an neamhspleáchais, na ceannasachta agus chun iomláine chríochach na hÚcráine a chosaint.

Táimid réidh le leanúint de thacaíocht bhuanseasmhach a thabhairt dóibh siúd arbh éigean dóibh an Úcráin a fhágáil agus cosaint a lorg san Aontas.

Tar éis na n-ionsaithe uafásacha atá á ndéanamh ag an Rúis arís agus arís eile ar shibhialtaigh agus ar bhonneagar sibhialtach, in ainneoin na n-iarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh againn chun tuilleadh cabhair dhaonnúil agus cúnamh cosanta sibhialta a chur ar fáil, ní mór dúinn a bheith réidh freisin chun tacú leo siúd a d'fhéadfadh teacht fós.

Is dúshlán coiteann é sin agus dá réir sin ba cheart aghaidh a thabhairt air ar bhealach dlúthpháirtíochta agus trí chomhar idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais, dá bhrí sin ba mhaith leis an bPolainn a buíochas a chur in iúl don Choimisiún as a rannpháirtíocht leanúnach agus as an gcinneadh seo lena gcuirtear síneadh breise leis an gcosaint shealadach a fhoilsiú go pras.

Ag aithint dúinn go bhfuil cinntí na ndéanaithe maidir leis na Ballstáit ina ndéanann siad iarratas ar chosaint shealadach bunaithe ar go leor tosca atá ina ndlúthchuid de ghluaiseachtaí daoine agus go mbíonn ualaí neamhchothroma ar na Ballstáit mar thoradh orthu, iarraimid go dtabharfaí tacaíocht airgeadais leordhóthanach agus chothrom dóibh siúd a bhfuil an líon is mó dídeanaithe á n-óstáil acu.

Agus saoirse gluaiseachta laistigh den Aontas á coinneáil do dhéanaithe ón Úcráin, ní mór dúinn ár ndícheall a dhéanamh na huirlisí a chabhraíonn linn aon mhí-úsáid a bhaintear as córais cosanta sealadaí a sheachaint, lena n-áirítear trí chlárú dubailte, a fheabhsú a thuilleadh agus a úsáid go héifeachtach.

Chun an leibhéal ullmhachta is gá a bhaint amach, tá gá freisin le gníomhaíocht níos cinntithí ón Aontas mar fhreagairt ar shreabha imirce neamhdhleathacha lena gcuirtear brú ar chórais tearmainn na mBallstát agus lena n-ídítear a n-acmhainní, go minic gan nasc le fíor-riachtanais chosanta. Chuige sin, ní mór dúinn réitigh nua a chur chun cinn go pras lena gcuirfear ar ár gcumas na sreabha sin a laghdú agus aghaidh a thabhairt mar is ceart ar ionstraimiú imirce mar shaincheist slándála.